Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Droichead: An Dúshraith a Shocrú do Bhliain Iontach Amach Romhainn!

## Príomhoidí:

Beidh ár Seisiún Eolais Droichead do Cheannairí Scoile ar fáil an téarma seo. Cabhróidh an seisiún 2 uair an chloig seo (ar líne) libh tacú go héifeachtach leis an bpróiseas Droichead i bhur scoileanna.

## Foireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG):

Tá oiliúint FTG dhá lá ar fáil do mhúinteoirí atá ainmnithe ag a bPríomhoide le bheith mar chuid den Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla ina scoil.

Tairgtear Imeachtaí Athnuachana Droichead dhá uair an chloig ar líne do bhaill FTG oilte chun a gcuid scileanna mar mheantóirí a nuashonrú agus a fhorbairt.

Moltar do bhaill FTG a stádas FTG (gníomhach/neamhghníomhach) agus a gcuid faisnéise scoile a nuashonrú trí chuairt a thabhairt ar my-tc.teachingcouncil.ie

## Múinteoirí Nuacháilithe:

Osclaítear clárú do chnuaschruinnithe MNCanna ar an 5 Meán Fómhair ag oide-droichead.com. Ní mór do gach MNC a thugann faoi Droichead Cnuaschruinniú 1 a chur i gcrích. Cliceáil ar an nasc chun rochtain a fháil ar Fhéilire na gCnuaschruinnithe do 2025.2026.

Ní mór do MNCanna ar chonarthaí roinnte poist/páirtaimseartha clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta chun páirt a ghlacadh i bpróiseas Droichead roimh an 30 Meán Fómhair.

## Am Scaoilte:

Tá am scaoilte ar fáil chun tacú le gníomhaíochtaí ionduchtúcháin i do scoil. Cliceáil ar an nasc chun rochtain a fháil ar fhaisnéis maidir le ham scaoilte ag oide.ie.

**Tá Eispéiris Foghlama Ghairmiúla (EFG) Théarma 1 le feiceáil thíos - dean an cód MF a scanadh chun cur isteach orthu.**

primarydroicheadsupport@oide.ie

@Oide_Droichead

Oide — Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí — Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Ionduchtú Droichead - Bunscoile

## Téarma 1 Imeachtaí Foghlama Gairmiúla

Cuireann Rannán Ionduchtúcháin Droichead oiliúint ar fáil **d'Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG)** thar 2 lá chun cur ar chumas scoile tacú le MNCanna trína bpróiseas Droichead. Tá FTG comhdhéanta de mhúinteoirí lánchláraithe, go hidéalach le taithí cúig bliana. Tugtar aghaidh ar gach gné de phróiseas Droichead le linn oiliúna FTG. Cuirtear clúdach ionadaíochta ar fáil.
Ní mór do bheirt bhall FTG ar a laghad tacú le Múinteoir Nuacháilithe (MNC) le linn a bpróisis.

| Dáta | Am | Ionad |
|---|---|---|
| Dé Luain & Dé Máirt - dátaí roghnaithe | 09:00-15:00 | Ar líne nó duine le duine in áiteanna roghnaithe |

Tá sé mar aidhm ag **Imeachtaí Athnuachana Droichead** eolas na mball FTG atá oilte cheana féin ar phróiseas Droichead a fheabhsú tuilleadh chomh maith le comhairle, tacaíocht agus acmhainní a sholáthar chun cabhrú le rannpháirtíocht na mball FTG le MNCanna.

| Dáta | Am | Ionad |
|---|---|---|
| Déardaoin 6 (i mBéarla amháin) & Déardaoin 13 Samhain | Seisiúin 2 uair an chloig ar maidin agus tráthnóna ar fáil | Ar líne |

Tá sé mar aidhm ag **Seisiúin Eolais Droichead do Cheannairí Scoile** tacú le ceannairí scoile agus iad a chur ar an eolas faoi Droichead.

| Dáta | Am | Ionad |
|---|---|---|
| Déardaoin 23 Deireadh Fómhair | Seisiúin 2 uair an chloig ar maidin agus tráthnóna ar fáil | Ar líne |

SCAN MÉ

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le dátaí agus amanna agus chun clárú le haghaidh aon cheann de na EFGanna, déan an cód MF a scanadh nó tabhair cuairt ar https://oide.ie/ga/droichead/

Tá líon na n-áiteanna ag EFGanna teoranta agus leithdháilfear iad faoi réir critéar.